An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2020
(OR. en)

EUCO 22/20

CO EUR 17
CONCL 8

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (10 agus 11 Nollaig 2020)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Thug an Chomhairle Eorpach ómós d'iarUachtarán na Fraince, Valéry Giscard d'Estaing, a d'éag an 2 Nollaig 2020. B'fhórsa láidir é a thiomáin an tionscadal Eorpach chun cinn agus a d'imir ról tábhachtach i gcruthú na Comhairle Eorpaí.*

## I. <u>CAI/NGEU</u>

1. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach, na Ballstáit, agus na hinstitiúidí tiomanta do chothú agus d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, lena n-áirítear an smacht reachta, mar a leagtar síos sna Conarthaí. Meabhraítear di freisin go mbunaítear le hAirteagal 7 CAE an nós imeachta faoina dtugtar aghaidh ar aon sárú ar luachanna sin an Aontais a luaitear in Airteagal 2 CAE.

2. Ar mhaithe le teacht ar réiteach a shásóidh gach taobh agus le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl i ndáil leis an dréacht-Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, go háirithe maidir leis an mbealach a gcuirfear an Rialachán sin i bhfeidhm, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go láidir go dtabharfar lánurraim agus an Rialachán á chur i bhfeidhm d'Airteagal 4(2) CAE – go háirithe i dtaca le féiniúlacht náisiúnta na mBallstát atá ina cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha idir pholaitiúil agus bhunreachtúil – do phrionsabal na tabhartha, agus do phrionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe, agus na córa comhionainne i measc na mBallstát.

   Tá an Chomhairle Eorpach ar aon fhocal faoin méid a leanas:

   a) I dtaca leis an Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, is é is cuspóir dó cosaint a thabhairt do bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear Next Generation EU, do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus do leasanna airgeadais an Aontais. Ní mór buiséad an Aontais, lena n-áirítear Next Generation EU, a chosaint ar gach cineál calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa.

   b) Déanfar sásra coinníollachta an Rialacháin a chur i bhfeidhm ar bhealach oibiachtúil, cothrom, neamhchlaonta, fíricbhunaithe, agus próis chuí, neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann i measc na mBallstát á n-áirithiú.

c) D’fhonn a áirithiú go n-urramófar na prionsabail sin, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún treoirlínte a cheapadh agus a ghlacadh maidir leis an gcaoi a gcuirfidh sé an Rialachán i bhfeidhm, lena n-áirítear modheolaíocht chun an Rialachán féin a mheasúnú. Déanfar na treoirlínte sin a cheapadh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Má tharlaíonn sé go dtíolactar caingean le haghaidh neamhniú i ndáil leis an Rialachán, cuirfear bailchríoch ar na treoirlínte tar éis don Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas a thabhairt ionas go ndéanfar aon eilimintí ábhartha a d'eascair as an mbreithiúnais sin a chur isteach sna treoirlínte. Cuirfidh Uachtarán an Choimisiúin an Chomhairle Eorpach ar an eolas go hiomlán. Nó go gcuirtear bailchríoch ar na treoirlínte sin, ní mholfaidh an Coimisiún aon bhearta faoin Rialachán.

d) Tabharfar urraim do chineál coimhdeach an tsásra agus é á chur i bhfeidhm. Ní dhéanfar aon bheart a mheas faoin sásra ach i gcás ina bhfágfadh nósanna imeachta eile a leagtar amach i ndlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán na bhForálacha Coiteanna, an Rialachán Airgeadais, nó na nósanna imeachta um shárú faoin gConradh, nach bhféadfaí buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí.

e) Ní mór go mbeadh pé bearta a dhéanfar faoin sásra comhréireach leis an lorg a d’fhágfadh sárú an smachta reachta ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais, agus ní mór go mbeadh an nasc cúisíoch idir na sáruithe sin agus pé iarmhairtí diúltacha a d’fhágfaí ar leasanna airgeadais an Aontais sách díreach agus cuíbhunaithe. Ní leor a chinneadh gur sáraíodh an smacht reachta le go gcuirfí an sásra i ngníomh.

f) Léitear agus cuirtear i bhfeidhm na tosca um ghníomhachtú a leagtar amach sa Rialachán mar liosta iata d’eilimintí aonchineálacha agus ná hosclaítear an liosta sin do thosca ná d'imeachta eile. Ní bhaineann an Rialachán seo le heasnaimh ghinearálaithe.

g) Ní chuirfear tús foirmiúil leis an nós imeachta nó go ndéanfar comhphlé críochnúil leis an mBallstát lena mbaineann chun deis a thabhairt don Bhallstát an scéal a leigheas.

h) Is ar an gCoimisiún féin a bheidh lánfhreagracht as a mheasúnú go neamhspleách cé acu an ann nó nach ann do na dálaí faoinar féidir bearta a ghlacadh, is cuma más ar a chuid faisnéise féin nó ar fhaisnéis a fuarthas ó thríú páirtithe a bheidh sé ag brath. Is é a bheidh freagrach go hiomlán as cruinneas agus ábharthacht na faisnéise agus na dtorthaí ar a mbunóidh sé a mheasúnú. I gcás ina n-úsáidfear an fhaisnéis agus na torthaí sin, is cuma cá as dóibh, chun críocha an Rialacháin, áiritheoidh an Coimisiún go gcinnfear a n-ábharthacht agus a n-úsáid go heisiach i bhfianaise aidhm an Rialacháin leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

i) Ar thionscnamh an Bhallstáit lena mbaineann nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, déanfar athbhreithniú go pras ar na bearta a ghlacfar faoin sásra tráth nach déanaí ná bliain tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gan togra a thíolacadh chun deireadh a chur leis na bearta, tabharfaidh sé na cúiseanna atá lena chinneadh agus cuirfidh sé cách ar an eolas ina dtaobh ag cruinniú den Chomhairle.

j) I gcás ina dtíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh mar a leagtar amach in aithris 26 den Rialachán, cuirfidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí an mhír sin ar chlár oibre na Comhairle Eorpaí. Féachfaidh an Chomhairle Eorpach le teacht ar chomhsheasamh i dtaobh an ábhair sin.

k) Mar chuid lárnach den timthriall buiséadach nua a rinneadh an Rialachán a chaibidil, agus dá bhrí sin, beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021 agus ní bheidh feidhm ag aon bheart ach i ndáil le gealltanais bhuiséadacha a gcuirtear tús leo faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua, lena n-áirítear Next Generation EU.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún dearbhú a ghlacadh, a chuirfear isteach i miontuairiscí na Comhairle tráth a bheidh cinneadh á dhéanamh aici maidir leis an rialachán, dearbhú ina gcuirfear in iúl a thiomanta atá an Chomhairle na heilimintí dá dtagraítear i mír 2 thuas agus a chumhdaítear faoi shainchúraimí a cuid freagrachtaí, a chur i bhfeidhm agus an Rialachán á chur i bhfeidhm.

4. Aontaíonn an Chomhairle Eorpach gur freagairt iomchuí mharthanach ar na hábhair imní a cuireadh in iúl iad na heilimintí i míreanna 1 go dtí 3 thuas, gan dochar do chearta na mBallstát faoi Airteagal 263 CFAE. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na bearta is gá a dhéanamh láithreach chun pacáiste iomlán na n-ionstraimí ábhartha a ghlacadh, lena n-áirítear an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus an Cinneadh maidir le hacmhainní dílse. Déanfaidh na Ballstáit a seacht ndícheall an Cinneadh maidir le hacmhainní dílse a fhormheas i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla faoi seach ionas go dtiocfaidh sé i bhfeidhm go pras.

## II. COVID-19

5. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na fógraí dearfacha a tugadh le déanaí maidir le forbairtí vacsaíní éifeachtacha in aghaidh COVID-19 agus tabhairt i gcrích comhaontuithe réamhcheannaigh ag an gCoimisiún.

6. Ní chiallaíonn teacht na vacsaíní, áfach, go bhfuil deireadh leis an bpaindéim. Ábhar imní i gcónaí í an staid san Eoraip cé go bhfuil toradh ag teacht anois ar na sáriarrachtaí atá déanta ag cách. Ní mór dúinn, mar sin, leanúint dár n-iarrachtaí leathadh an víris a chomhrac d’fhonn tuilleadh tonnta ionfhabhtuithe a chosc.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach comhordú na n-iarrachtaí ar leibhéal an Aontais go dtí seo agus geallann sí an comhordú sin a neartú, go háirithe maidir le bheith ag ullmhú do na srianta a bhaint de réir a chéile agus filleadh ar ghnáth-thaisteal, lena n-áirítear turasóireacht trasteorann, nuair a cheadóidh an staid sláintíochta an méid sin. Aontaíonn sí gur gá feabhas a chur ar chomhroinnt taithí agus pleananna don todhchaí. Ag cur leis an obair a rinneadh le roinnt seachtainí anuas, iarrann sí ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le comhchreat le haghaidh mearthástálacha antaigine agus le haghaidh aithint fhrithpháirteach torthaí tástála. Ba cheart cur chuige comhordaithe i leith deimhnithe vacsaínithe a fhorbairt freisin.

8. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá na hullmhúcháin do vacsaíní a imscaradh agus a dháileadh ar bhealach tráthúil, lena n-áirítear straitéisí náisiúnta vacsaínithe a fhorbairt, lena áirithiú go gcuirfear ar fáil in am trátha iad agus ar bhealach comhordaithe do dhaoine san Aontas. Tá sé tábhachtach faisnéis shoiléir fhíorasach a sholáthar faoi vacsaíní agus an bhréagaisnéis a chomhrac.

9. Ba cheart féachaint ar vacsaíniú mar earra poiblí domhanda. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí rannchuidiú leis an bhfreagairt idirnáisiúnta ar an bpaindéim, lena n-áirítear trí shaoráid COVAX le haghaidh rochtain inacmhainne chothrom ar vacsaíní a ráthú do chách.

10. Cuireann an Chomhairle Eorpach chun suntais freisin an gá atá le hobair a dhéanamh chun an athléimneacht a mhéadú sa limistéar sláinte, lena n-áirítear tograí a thabhairt ar aghaidh le haghaidh aontas sláinte agus leas iomlán a bhaint as poitéinseal sonraí sláinte san Eoraip.

11. D'fhonn gur fearr a dhéanfar paindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a thuar agus a bhainistiú, agus aird á tabhairt ar mheastóireachtaí leanúnacha, lena n-áirítear ar na rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, cuirfidh an tAontas chun cinn bealaí leis an gcomhar idirnáisiúnta a threisiú, lena n-áirítear trí chonradh idirnáisiúnta ionchasach ar phaindéimí, faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Sláinte, atá i gcroílár an chomhair idirnáisiúnta i gcúrsaí sláinte.

## III. <u>AN tATHRÚ AERÁIDE</u>

12. An cuspóir sin Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, má tá i ndán go gcomhlíonfar é i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, beidh ar an Aontas a uaillmhian don deacáid atá romhainn a mhéadú agus a chreat beartais don aeráid agus don fhuinneamh a nuachóiriú. Chuige sin, formhuiníonn an Chomhairle Eorpach sprioc cheangailteach de chuid an Aontais chun laghdú glan intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 1990 a bhaint amach faoi 2030. Iarrann sí ar na comhreachtóirí an sprioc nua sin a léiriú sa togra le haghaidh Dlí Aeráide Eorpach agus an togra sin a ghlacadh go pras.

13. Méadóimid ar ár n-uaillmhian maidir leis an aeráid ar bhealach a spreagfaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe, a chruthóidh poist, a sholáthróidh tairbhí don tsláinte agus don chomhshaol do shaoránaigh an Aontais, agus a chuirfidh le hiomaíochas domhanda fadtéarmach gheilleagar an Aontais trí nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa a chur chun cinn.

14. Is i dteannta a chéile, agus ar an mbealach is costéifeachtaí dar féidir, a bhainfidh an tAontas an sprioc amach. Beidh lámh ag gach Ballstát san iarracht sin, agus cuirfear imthosca náisiúnta, mar aon leis an gcothroime agus an dlúthpháirtíocht, san áireamh san obair sin, gan aon duine a fhágáil ar leataobh. Caithfear sprioc nua 2030 a bhaint amach ar bhealach a chaomhnóidh iomaíochas an Aontais agus a chuirfidh san áireamh túsphointí éagsúla agus imthosca náisiúnta sonracha na mBallstát agus acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí, lena n-áirítear acmhainneachtaí na mBallstát oileánach agus na n-oileán, chomh maith leis na hiarrachtaí a rinne siad. Admhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá idirnaisc, slándáil fuinnimh do gach Ballstát, fuinneamh ar phraghas is inacmhainne ag gach líon tí agus cuideachta, a áirithiú, agus gur gá urraim a thabhairt do cheart na mBallstát a meascán fuinnimh féin a chinneadh agus na teicneolaíochtaí is iomchuí a roghnú chun sprioc aeráide 2030 a bhaint amach go comhpháirteach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí idirthréimhseacha amhail gas.

15. Ní mór maoiniú poiblí agus caipiteal príobháideach a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shuntasacha infheistíochta a eascróidh as an uaillmhian mhéadaithe sin. Tríd an bhfreagairt eacnamaíoch ar ghéarchéim an choróinvíris, beifear in ann dlús a chur le claochlú agus nuachóiriú inbhuanaithe ár ngeilleagar agus buntáiste iomaíoch a fháil. Ní mór an leas is fearr a bhaint as pacáiste CAI/NGEU, lena n-áirítear an Sásra um Aistriú Cóir, chun ár n-uaillmhian aeráide a bhaint amach. Mar a comhaontaíodh i mí Iúil 2020, déanfar an gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais agus i gcláir arna maoiniú faoi CAI agus NGEU. Beidh feidhm ag sprioc fhoriomlán aeráide 30 % ar a laghad maidir leis an méid iomlán caiteachais ó CAI agus NGEU agus léireofar sin sna spriocanna iomchuí sa reachtaíocht earnálach.

16. I dtaca le comhchaighdeáin dhomhanda a fhorbairt don mhaoiniú glas, ba cheart don Aontas an obair sin a chur chun cinn. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh le haghaidh caighdeán bannaí glasa de chuid an Aontais faoi mhí an Mheithimh 2021 ar a dhéanaí. Is díol sásaimh di freisin Treochlár Bhanc Aeráide Ghrúpa BEI 2021-2025 le rannchuidiú le gealltanas ghrúpa BEI tacaíocht dar luach EUR 1 trilliún a infheistiú san aeráid agus sa chomhshaol faoi 2030.

17. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún a mheas cad é an dóigh is fearr is féidir leis na hearnálacha eacnamaíocha uile rannchuidiú le sprioc 2030 agus na tograí is gá a dhéanamh lena ngabhfaidh mionscrúdú ar an tionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar leibhéal an Bhallstáit, trí phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide a chur san áireamh. Iarrtar ar an gCoimisiún, agus na prionsabail a leagtar amach i mír 14 á gcur san áireamh, breathnú ar an méid seo a leanas go háirithe:

– féachaint ar na bealaí leis an gcóras trádála astaíochtaí a neartú, go háirithe beartais praghsála carbóin, agus a shláine á caomhnú ag an am céanna, agus é a chur san áireamh nach mór aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dáileacháin agus ar an mbochtaineacht fuinnimh.

– bearta a mholadh a chuirfidh ar chumas tionscail dianfhuinnimh teicneolaíochtaí nuálaíocha atá aeráidneodrach a cheapadh agus a imscaradh agus a n-iomaíochas tionsclaíoch á choinneáil acu;

– sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a mholadh chun an tsláine comhshaoil a ghabhann le beartais an Aontais a áirithiú agus an sceitheadh carbóin a sheachaint ar bhealach EDT-oiriúnach;

– aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a cuireadh in iúl maidir le comhroinnt díchill, cothromaíocht agus cost-éifeachtúlacht, foraoiseacht agus úsáid talún, agus astaíochtaí atá ag dul i méad agus linnte atá ag dul i laghad sna hearnálacha siúd de thoradh thionchair dhíobhálacha na hathraithe aeráide.

18. Tabharfar aghaidh sa reachtaíocht atá ar na bacáin ar fhadhb na míchothromaíochtaí le haghaidh thairbhithe an Chiste don Nuachóiriú nach bhfaigheann siad ioncam dar méid cothrom leis na costais a íocann gléasraí ETS sna Ballstáit sin.

19. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar sin agus glacfaidh sí treoir bhreise in am agus i dtráth sula gcuirfidh an Coimisiún an togra uaidh chun cinn. Rachfar i ngleic leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill an tráth sin.

20. Nuashonrófar rannchuidiú an Aontais arna chinneadh go náisiúnta i gcomhréir leis an sprioc nua cheangailteach agus cuirfear faoi bhráid rúnaíocht UNFCCC é faoi dheireadh na bliana. Agus COP 26 ar na bacáin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an rannpháirtíocht idirnáisiúnta ríthábhachtach ionas go n-éireoidh linn aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Iarrann sí ar na Páirtithe eile go léir, go háirithe na geilleagair mhóra, a gcuid spriocanna uaillmhianacha féin agus a gcuid beartas uaillmhianach féin a chur chun tosaigh. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht láidir chomhordaithe a dhéanamh trí thaidhleoireacht aeráide ghníomhach Eorpach.

21. Áiritheoidh an tAontas go mbeidh a bheartas trádála agus a chuid comhaontuithe trádála ar aon dul leis an uaillmhian aeráide atá aige.

22. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth le dlús a chur, roimh an 15ú ceann de Chomhdhálacha na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht a eagrófar sa tSín an bhliain seo chugainn, leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun an bhithéagsúlacht a chosaint.

## IV. <u>SLÁNDÁIL</u>

23. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí ar fud na hEorpa. Déanann sí comhbhrón ó chroí le teaghlaigh agus cairde na n-íospartach agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht le muintir na hOstaire, na Gearmáine agus na Fraince. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh gníomhartha sceimhlitheoireachta agus go gcuirfear treoracha ábhartha an Aontais chun feidhme ina n-iomláine. Seasaimid le chéile sa troid i gcoinne an radacaithe, na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. I bhfianaise na n-ionsaithe sin ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha, seasfaidh an tAontas leis na comhluachanna is bonn lenár sochaithe iolraíocha agus leanfaidh sé dá chomhiarrachtaí iad a chosaint. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach cinntí a rinneadh cheana a chur chun feidhme go hiomlán. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur thíolaic an Coimisiún clár oibre de chuid an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, agus iarrann sí go dtabharfaí an obair sin ar aghaidh. Athdhearbhaíonn sí an ról atá ag Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais.

24. Cáineann an Chomhairle Eorpach gach cineál ionsaithe ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus ar an tsaoirse reiligiúin nó creidimh, lena n-áirítear an frithsheimíteachas, an ciníochas agus an tseineafóibe, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé an gríosú chun fuatha agus chun foréigin, chomh maith leis an éadulaingt, a chomhrac. Is díol sásaimh di gur glacadh an Dearbhú ón gComhairle maidir le comhrac an fhrithsheimíteachais a phríomhshruthú i ngach réimse beartais.

25. Is den ríthábhacht an radacú a chosc agus aghaidh a thabhairt ar idé-eolaíochtaí na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear nuair is ar líne a bhíonn sin. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí an méid a leanas:

– dlús a chur le comhrac an ábhair neamhdhleathaigh ar líne. I dtaca leis sin, tá sí ag tnúth le togra uaillmhianach ón gCoimisiún lena neartófar, faoin Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, freagrachtaí na n-ardán ar líne;

– an togra maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne a ghlacadh go pras;

– a áirithiú go mbíonn an t-oideachas agus an oiliúint reiligiúnach i gcomhréir le cearta agus luachanna bunúsacha Eorpacha, agus go dtugtar aghaidh iontu ar aon tionchar eachtrach a imríonn an maoiniú neamhthrédhearcach ar na heagraíochtaí náisiúnta sibhialta agus reiligiúnacha;

– tacú le tionscnaimh darb aidhm tuiscint a fháil ar leathadh na n-idé-eolaíochtaí antoisceacha. Ní mór feabhas a chur ar na malartuithe cuimsitheacha a dhéantar ar fud an Aontais ar eolas, taighde agus saineolas eolaíoch.

26. Is den fhíor-riachtanas go mbeadh na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha in ann a gcumhachtaí dleathacha a fheidhmiú ar líne agus as líne araon chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir gur gá an obair a thabhairt chun cinn i ndáil le coinneáil sonraí atá riachtanach chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac, i bhfianaise an chásdlí is déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus cearta agus saoirsí bunúsacha á n-urramú go hiomlán.

27. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorfheidhmiú an dlí ar fud an Aontais agus do chuífheidhmiú limistéar Schengen, ba cheart dlús suntasach a chur le cur chun feidhme pé bearta a comhaontaíodh, agus an comhar agus comhordú póilíneachta agus breithiúnach a neartú.

28. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

– iarrann sí ar na Ballstáit dlús a chur lena ndua maidir le lánúsáid a bhaint as bunachair sonraí agus córais faisnéise Eorpacha, go háirithe maidir le sonraí ábhartha a iontráil sna bunachair sonraí fúthu sin a measann na Ballstáit go bhfuil bagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta nó bagairt antoisceach fhoréigneach ag baint leo, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta;

– cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfaí gach duine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais a sheiceáil sna bunachair sonraí ábhartha mar a cheanglaítear i reachtaíocht ábhartha an Aontais;

– iarrann sí ar na comhreachtóirí scrúdú a dhéanamh ar an togra maidir le sainordú Europol a neartú d'fhonn go nglacfar gan mhoill é;

– cuireann sí i dtreis an tábhacht fhoriomlán a ghabhann le gach gné den chomhar póilíneachta agus breithiúnach.

## V. <u>AN CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

***An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe***

29. Ag eascairt as na toghcháin a bhí ar siúl sna Stáit Aontaithe, phléigh an Chomhairle Eorpach an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe. Chuir sí chun suntais a thábhachtaí atá comhpháirtíocht thrasatlantach straitéiseach láidir a bheidh bunaithe ar leasanna coiteanna agus ar luachanna comhroinnte. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ó tharla nach mór dul i ngleic le dúshláin phráinneacha dhomhanda. Tá an tAontas ag súil go mór le bheith ag obair i bpáirt leis na Stáit Aontaithe, go háirithe chun an fhreagairt dhomhanda a threisiú i gcomhrac phaindéim COVID-19, chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, chun feabhas a chur ar an téarnamh eacnamaíoch, chun comhar a dhéanamh i dtaca le hábhair dhigiteacha agus theicneolaíocha, chun an trádáil fhrithpháirteach a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar dhíospóidí trádála, chun an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú, agus chun an t-iltaobhachas a chur chun cinn mar aon leis an tsíocháin agus an tslándáil. Táimid faoi réir lenár dtosaíochtaí comhroinnte a phlé le hUachtarán nua na Stát Aontaithe.

***An Mheánmhuir Thoir***

30. D’fhill an Chomhairle Eorpach ar chonclúidí uaithi an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020 uaithi maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh leis an Tuirc i bhfianaise na staide sa Mheánmhuir Thoir. Ar an drochuair, ghabh an Tuirc do ghníomhaíochtaí aontaobhacha agus briogadh agus mhéadaigh sí ar a reitric in aghaidh an Aontais, Bhallstáit an Aontais agus cheannairí na hEorpa. Tá an Tuirc fós i mbun gníomhaíochtaí aontaobhacha gríosaitheacha sa Mheánmhuir Thoir, lena n-áirítear i limistéar eacnamaíoch eisiach na Cipire. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur tharraing an Tuirc siar an soitheach *Oruç Reis* agus éilíonn sí go leantar den lasair a bhaint den bharrach chun go mbeifear in ann tús a chur arís go luath agus leanúint go rianúil le cainteanna díreacha tosaigh idir an Ghréig agus an Tuirc.

31. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach leas straitéiseach an Aontais caidreamh comhoibritheach agus comhthairbheach leis an Tuirc a fhorbairt. Tá an tairiscint maidir le clár oibre dearfach idir an tAontas agus an Tuirc fós ar an mbord, ar choinníoll go léireoidh an Tuirc go bhfuil sí réidh chun fíor-chomhpháirtíocht leis an Aontas agus lena Bhallstáit a chur chun cinn agus chun difríochtaí a réiteach trí idirphlé agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Leis an gclár oibre sin, d’fhéadfaí réimsí an gheilleagair agus na trádála, teagmhálacha idirphearsanta, idirphléití ardleibhéil agus comhar leanúnach maidir le saincheisteanna imirce a chumhdach. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé bealaí cumarsáide idir an tAontas agus an Tuirc a choinneáil ar oscailt. Beidh an tAontas ullamh freisin leanúint de chúnamh airgeadais a thabhairt do dhídeanaithe ón tSiria agus do phobail óstacha sa Tuirc agus comhar a dhéanamh maidir le bainistiú fónta na sreafaí imirce ionsar na Ballstáit uile agus maidir le dlús a chur leis na hiarrachtaí líonraí na smuigléirí imirceach a chomhrac.

32. Á mheabhrú di Conclúidí ón gComhairle an 1-2 Deireadh Fómhair 2020, tá an tAontas tiomanta i gcónaí a chuid leasanna agus leasanna a Bhallstát a chosaint chomh maith leis an gcobhsaíocht réigiúnach a chumhdach. Ina leith sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    – iarrann sí ar an gComhairle liostú breise a ghlacadh bunaithe ar an gCinneadh uaithi an 11 Samhain 2019 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir;

– iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuarascáil ar staid na himeartha a thíolacadh maidir leis an gcaidreamh polaitiúil, eacnamaíoch agus trádála idir an tAontas agus an Tuirc agus maidir le sásraí agus maidir le roghanna atá ann i ndáil leis an mbealach chun dul ar aghaidh, lena n-áirítear maidir le raon feidhme an chinnidh thuasluaite a leathnú, lena breithniú ag Comhairle Eorpach mhí an Mhárta 2021 ar a dhéanaí.

33. Cáineann an Chomhairle Eorpach na céimeanna aontaobhacha a thug an Tuirc in Varosha agus iarrann sí go ndéanfaí Rúin 550 agus 789 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a urramú go hiomlán. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le hatosú pras na caibidlíochta, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, agus tá sí lántiomanta réiteach cuimsitheach a fháil ar cheist na Cipire faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus de réir na rún ábhartha de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a fothaíodh an tAontas. Tá sí ag dréim leis an méid céanna ón Tuirc. Tá an Chomhairle Eorpach i bhfách leis, ach a n-atosófar an chaibidlíocht faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, go gceapfaidh an tAontas ionadaí chuig misean dea-mhéine na Náisiún Aontaithe.

34. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí an moladh go dtionólfaí comhdháil iltaobhach maidir leis an Meánmhuir Thoir a thabhairt chun tosaigh.

35. Féachfaidh an tAontas le comhordú a dhéanamh leis na Stáit Aontaithe maidir le cúrsaí a bhaineann leis an Tuirc agus an staid sa Mheánmhuir Thoir.

***Comharsanacht an Deiscirt***

36. Is tosaíocht straitéiseach de chuid an Aontais é go mbeadh Comharsanacht an Deiscirt daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla. Cúig bliana fichead ó seoladh próiseas Barcelona, táimid meáite ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach seo, atá bunaithe ar stair agus ar thíreolaíocht chomhroinnte, a athsheoladh, a threisiú agus a fhorbairt a thuilleadh.

37. Teastaíonn uainn paindéim COVID-19 a chomhrac go comhpháirteach, teacht aniar ár ngeilleagar agus ár sochaithe a neartú, ár slándáil chomhchoiteann a chaomhnú, aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na soghluaisteachta agus na himirce, agus ionchais a chur ar fáil do dhaoine óga ar gach aon taobh den Mheánmhuir.

38. Is é Clár Oibre Straitéiseach 2019-2024 agus príomhphrionsabail ár mbeartais Comharsanachta a bheidh mar threoir againn. Tabharfar tacaíocht don obair sin trí úsáid éifeachtach a bhaint as ár n-ionstraimí uile. Ceapfaimid clár oibre nua don Mheánmhuir a bheidh bunaithe ar thosaíochtaí comhroinnte agus a bheidh dírithe ar fhreagairtí sonracha don Mheánmhuir agus ar dhlúthchomhar i réimsí amhail an comhshaol, nascacht, oideachas agus cultúr, agus acmhainní nádúrtha. I ndáil leis sin, tá sé thar a bheith tábhachtach ról na sochaí sibhialta a neartú.

39. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach nua ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt. Ba cheart an Teachtaireacht sin a bheith bunaithe ar idirphlé polaitiúil uasghrádaithe neartaithe ar fud na Meánmhara agus go dtiocfadh comhar treisithe as chun tabhairt faoi dhúshláin choiteanna agus chun deiseanna comhroinnte a thapú.

40. A mhéid a bhaineann leis an Libia go sonrach, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na gníomhaithe uile gníomhú i gcomhréir le prionsabail phróiseas Bheirlín. Meabhraítear don Aontas an tairiscint uaidh tacaíocht a thabhairt do Gharda Cósta na Libia trí oiliúint agus faireachán chomh maith le trealamh agus soithí a sholáthar, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas go scaoilfí láithreach na hiascairí Iodálacha atá faoi choinneáil, gan aon nós imeachta dlí faoi shiúl, ó bhí tús mhí Mheán Fómhair ann.

***Ostrovets***

41. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá sé sábháilteacht núicléach stáisiún núicléach Ostravets na Bealarúise a áirithiú agus iarrann sí ar an gCoimisiún bearta a iniúchadh lena bhféadfaí cosc a chur ar allmhairiú leictreachais tráchtála ó shaoráidí núicléacha tríú tíortha nach gcomhlíonann leibhéil sábháilteachta aitheanta an Aontais.

***Córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine***

42. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur ghlac an Chomhairle córas domhanda smachtbhannaí de chuid an Aontais maidir le cearta an duine.